

FÉILE BHITHÉAGSÚLACHTA & SEÓ MÉALA
PHÁIRC AN FHIONNUISCE
PHOENIX PARK
BIODIVERSITY FESTIVAL & HONEY SHOW



Meán Fómhair
September 2026

Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce
Phoenix Park Visitor Centre

www.phoenixpark.ie | T: 01 677 0095

✉ honeyshowsecretary@opw.ie

📷 [@thephoenixparkopw](https://www.instagram.com/thephoenixparkopw) [@thephoenixpark](https://www.facebook.com/thephoenixpark)

#phoenixparkbiofest

Bombus pratorum, An Bhumbóg Luath, Early Bumblebee, Fílagatlaíocht le Leif Ó Beagla



OPW

Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

Tá an páipéar seo déanta as ábhar atá 100% athchúrsáilte.

Fáilte



Tá lúcháir ar Chónaidhm Chumainn Bheachairí na hÉireann (FIBKA) arís as bheith bainteach le Féile Bhithéagsúlachta agus Seó Meala Pháirc an Fhionnuisce. Ó cuireadh tús leis deich mbliana ó shin, tá sé ar cheann de na seónna is tábhachtaí anois i féilire an bheachaire. Is deis iontach é don phobal i gcoitinne éagsúlacht na meala a tháirgtear in Éirinn a fheiceáil díreach in aice leo agus casadh ar chleachtóirí na ceirde ársa sin.

Is iomaí táirge a thagann ó choirceog beach, cuir i gcás, céir beach, pailin beach, gliú beach agus glóthach ríoga, agus is féidir cuid mhaith acu a úsáid chun leigheas gnásúil a chomhlánú i gcleachtas ar a dtugtar an bheachtheiripe. Ba chomhpháirt an-tábhachtach í céir beach de choinnle liotúirgeacha san am a chuaigh thart, toisc go ndónn sí go glan agus go bhfuil boladh deas uirthi.

Gabhaim buíochas le hOifig na nOibreacha Poiblí as a tacaíocht leanúnach don bheachaireacht.

John Donoghue

Uachtarán FIBKA



Tá lúcháir ar Oifig na nOibreacha Poiblí fáilte is fiche a chur romhat chuig an 10ú Seó Meala agus Féile Bhithéagsúlachta bhliantúil i bPáirc an Fhionnuisce. Is féidir le cuairteoirí breathnú ar ár gclár imeachta chun ceardlanna agus cainteanna oideachasúla a aimsiú atá saincheaptha do scoileanna agus dóibh siúd a bhfuil a gcroí istigh sa dúlra. Cuirtear leideanna praiticiúla ar fáil ag na seisiúin sin maidir le garraíodóireacht atá neamhdhíobhálach do bheacha agus don bheachaireacht ionas gur féidir leat cabhrú le rath an fhiadhúlra i do chúlghairdín féin.

Tarraingítear aird ar Pháirc an Fhionnuisce leis an imeacht seo mar thearmann rithábachtach don dúlra, ina mbraitheann beatha rathúil na bplandaí agus na n-ainmhithe go mór ar shaothar na mbeach. Chun an comhshaol saibhir sin a chosaint, déanann ár bhfoireann garraíodóireachta bainistiú inbhuanaithe ar bhreis agus 25 coirceog ar fud an fhearainn, rud a chabhraíonn le fás rathúil bláthanna fiáine agus gnáthóg. Is mó a dhéanann an pobal beach bríomhar ná an dúlra a chosaint: tá ról an-tábhachtach aige inár gcóras bia, toisc go bhfuil beacha bunriachtanach i bpailniú na mbarr a chuireann an chuid is mó de sholáthar bia an domhain ar fáil.

Ba mhaith linn an t-ádh dearg a ghuí ar gach duine d'iomaitheoirí na bliana seo. Go raibh míle maith agat as bheith páirteach inár bhféile agus as na hainmhithe iontacha seo a cheiliúradh linn!

Paul McDonnell

Stiúrthóir Páirce, Páirc an Fhionnuisce



OPW

Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works




Na Moltóirí



John Donoghue | Redmond Williams | Paul Boyle | Jim Fletcher

Rúnaí Fhéile Bhithéagsúlachta agus Thaispeántas Meala Pháirc an Fhionnuisce



Teil: 01 677 0095 | **R-phost:** honeyshowsecretary@opw.ie

Taispeántas

8.00 -10.00am Taispeántáin a Leagan Amach, Dé Sathairn, 5 Meán Fómhair

10.15am Tosóidh an mholtóireacht

4.00pm Bronnadh Duaiseanna

Turais agus Léachtaí

Ar fad ag tarlú i gcaitheamh an lae.



Tá tuilleadh sonraí ar www.phoenixpark.ie

Don dream óg

Gníomhaíochtaí teaghlaigh agus neart eile i gcaitheamh an lae.

*Fáilte roimh chách chuig
an ócáid saor in aisce seo*



OPW

Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works



Rialacha & Rialacháin

1. Ní mór taispeántáin a thabhairt chuig Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce, Diméin Bhaile an Ásaigh, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath D08 Y304 Dé Sathairn, 5 Meán Fómhair 2026 idir 8.00am agus 10.00am. Tosóidh an mholtóireacht ag 10.15am.
2. Ní féidir Taispeántán a iontráil i níos mó ná aicme amháin.
3. Ní bheidh Taispeántóir i dteideal níos mó ná duais amháin in aon aicme amháin.
4. Beidh cinneadh an Mholtóra/na Moltóirí críochnaitheach.
5. Forchoimeádann an Moltóir/na Moltóirí an ceart gan gach duais nó gan aon duais a bhronnadh in aon aicme.
6. Beidh cinneadh choiste an taispeántais ar aon ábhar a bhaineann leis an taispeántas (seachas moltóireacht) críochnaitheach.
7. Ní fhéadfar lipéad ná aon mharc idirdhealaitheach a chur ar aon taispeántán, seachas in Aicme 12. Cuirfear na huimhreacha a sholáthróidh Rúnaí an Taispeántais thart ar 12.5mm ó bhun na bprócaí. I gcás teascóg agus céir bheach, greamófar uimhir amháin den taispeántán, agus an ceann eile den choimeádán.
8. Féadfar céir shnasta nó neamhshnasta a thaispeáint de réir rogha an taispeántóra.
9. Is fearr iontrálacha a chur ar líne chuig **honeyshowsecretary@opw.ie**. Is é an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí ar líne ná 5pm, Dé Céadaoin, 2 Meán Fómhair 2026. Déanfar iontrálacha poist ar an bhfoirm a chuirtear ar fáil agus seolfar iad chuig 'Rúnaí Fhéile Bhitheagsúlachta agus Thaispeántas Meala Pháirc an Fhionnuisce, Oifig na nOibreacha Poiblí, Na Páirceanna Bána, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath D08 KDC4'. Is é 5pm, Dé Céadaoin, 2 Meán Fómhair 2026, an spriocdháta le haghaidh iarratais phoist. Caithfidh gach iontráil eile a bheith ag Rúnaí an Taispeántais faoi 9am ar Lá an Taispeántais.
10. Ní mór mil eastósctha a thaispeáint i bprócaí simplí 340g nó 454g a bhfuil claibín scríú nó casta óir laicearaithe simplí orthu. Ceadaítear claibíní FIBKA. Ní bhaineann Rial 10 le hAicme 12.
11. Ní mór meá a iontráil i mbuidéil ghloine thrédhearcacha, neamhdhaite, gan litreacha, cuisilí ná ornáidí. Glacfar le buidéal a bhfuil bun cothrom nó bun le log orthu. Ní mór corc a chur ar bhuidéil le stopalláin a bhfuil feire orthu ionas gur féidir iad a bhaint gan úsáid a bhaint as gaireas meicniúil. Ní mór do thaispeántóirí sna haicmí sin a bheith os cionn 18 mbliana d'aois.
12. Ní mór don mhill agus don chéir uile a thaispeántar a bheith ina dtoradh bona fide ó bheacha an taispeántóra féin agus ní mór gur in Éirinn a táirgeadh iad.
13. Féadfaidh buaiteoir coirn é a choinneáil go dtí an bhliain dár gcionn. Ba cheart é a thabhairt ar ais do Rúnaí an Taispeántais ansin agus é glanta, snasta agus i riocht maith. Is í Oifig na nOibreacha Poiblí úinéir na gcorn buan ar fad. Má chailltear nó má dhéantar damáiste d'aon chorn agus é i seilbh an bhuaiteora, íocfaidh an buaiteoir sin costas an deisiúcháin.
14. Aicme na dtosaitheoirí. Próca amháin 340g nó 454g nó teascóg amháin. Oscailte d'iomaithéoirí nár bhuaigh an chéad duais in aon aicme ag aon taispeántas meala agus dóibh siúd amháin.
15. Ní féidir iontrálacha a bhaint go dtí tar éis an tsearmanais bronnta duaiseanna.
16. Ní ghearrtar táille iontrála.



OPW

Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works



Aicme



1. **Dhá Theascóg (Bláthanna nó Fraoch) (thart ar 100mm²)** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
2. **Dhá Choimeádán de Chíor Ghearrtha (meáchan 195g–250g)** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
3. **Fráma amháin de Mhil Chíre (oiriúnach le haghaidh eastóscadh)** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
4. **Fráma amháin de Mhil Fraoigh** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
5. **Dhá Phróca de Mhil Éadrom** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
6. **Dhá Phróca de Mhil Mheánach** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
7. **Dhá Phróca de Mhil Dhorcha** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
8. **Dhá Phróca de Mhil Smutáin** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
9. **Dhá Phróca de Mhil Ghránaithe** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
10. **Dhá Phróca de Mhí Bhogthéachta** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
11. **Dhá Phróca de Mhil Fraoigh** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
12. **Phróca Meala.** Caithfear gach rud den chineál céanna a thaispeáint i bprócaí atá ar díol. Caithfear lipéid an taispeántóra féin a chur ar gach próca. Chomh maith le cáilíocht na meala, cuirfidh an Moltóir an tarraingteacht agus an mheallacht díolacháin san áireamh.
NÍ THEASTAÍONN SEASTÁN.
Corn FIBKA – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
13. **Cúig bhloc aon unsa de chéir bheach** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
14. **Císte Meala.** Déanta le hocht n-unsa de phlúr S.R., sé unsa de mil Éireannach, ceithre unsa d'ím nó margairín, dhá ubh agus gráinne salainn. BÁCÁIL i stán ciorclach sé horlaí go leith go seacht n-orlaí go leith – an 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
15. **Císte Meala Torthaí.** Déanta le hocht n-unsa de phlúr S.R., sé unsa de mil Éireannach, ceithre unsa d'ím nó margairín, dhá ubh, sé unsa de shabhdánaigh agus gráinne salainn. BÁCÁIL i stán ciorclach sé horlaí go leith go seacht n-orlaí go leith – an 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
16. **Sé Briosca Bheaga (aon oideas ina n-úsáidtear mil)** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.



OPW

Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works



Aicme

17. **Buidéal amháin de Mheá Thirim** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
18. **Buidéal amháin de Mheá Mhilis** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
19. **Trí choinneal chéarach beach mhúnlaithe** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
20. **Trí choinneal chéarach beach neamh-mhúnlaithe** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
21. **Múnla Céarach Beach amháin, ceadaítear ruaim (cosc ar choinnle)** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
22. **Grianghraf amháin. Dath nó Dubh agus Bán (Grianghraf a bhaineann le beacha, Priontáilte agus i gClár Imill, A4 amháin)** – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
23. **Aicme Taispeántais. Mil, Céir Bheach nó Meá (nó an dá rud).** Ina theannta sin, féadfar úsáid a bhaint as ábhar maisiúil, céir bheach dhaite agus próca d'aon mhéid nó cruth atá indíolta. Méid na meala atá le cur leagan amach: 5kg ar a laghad. Ní cheadaítear méid níos mó ná 915mm x 1220mm. Níl Riail 11 i bhfeidhm – an 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
24. **Aicme na dTosaitheoirí.** Corn an Ionaid Náisiúnta Bithéagsúlachta – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.

Aicmí Sóisearacha

25. **Aon phóstaer de mhéid A4, a bhaineann le beacha/beachaireacht/bithéagsúlacht,** teoranta do dhaltai bunscoile amháin – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.
26. **Aon phóstaer de mhéid A4, a bhaineann le beacha/beachaireacht/bithéagsúlacht,** teoranta do scolairí meánscoile amháin – An 1ú Bonn Óir, an 2ú Bonn Airgid, agus an 3ú Bonn Cré-umha.

Duaiseanna Speisialta

GRADAM/AICME

An Taispeántán is Fearr ag an Seó

An Mhil Chíre is Fearr ag an Seó

An Mhil Reatha is Fearr ag an Seó

Aicme 12

Aicme na dTosaitheoirí

TEIDEAL AN GHRADAIM

Trófaí Oifig na nOibreacha Poiblí Pháirc an Fhionnuisce

Trófaí Chomhairle Crann na hÉireann

Trófaí Gleeson

Trófaí Chónaidhm Cumann Beachairí na hÉireann

Trófaí an Ionaid Náisiúnta Bithéagsúlachta



OPW

Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works





Pháirc an Fhionnuisce

Is tírdhreach stairiúil í Páirc an Fhionnuisce a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta léi, agus le 707ha (1752 acra) tá sí ar cheann de na tírdhreacha iata is mó in aon chathair Eorpach. Bunaíodh ar dtús í mar fhialann Ríoga sa 17ú haois. Toisc gurb í an pháirc uirbeach is mó i mBaile Átha Cliath í, aithnítear í mar scamhóg ghlas don chathair agus tá taighde le déanaí tar éis aird a tharraingt ar na príomhbhuntaistí don tsláinte phoiblí agus don fholláine a eascraíonn as an saibhreas deiseanna atá le tairiscint ag áis mar Pháirc an Fhionnuisce.

Is suíomh thar a bheith tábhachtach don bhitheagsúlacht i gCathair Bhaile Átha Cliath í an Pháirc agus is acmhainn ríluachmhar í do mhuintir Bhaile Átha Cliath agus do chuiditheoirí ar an gcathair. Tacaíonn sí le 50% de na speicis mhamaigh a fhaightear in Éirinn agus os cionn 40% de na speicis éan agus beach uile, toisc go gcuireann fairsinge na ngnáthóg leathnádúrtha clúdach, soláthairtí flúirseacha bia agus suíomhanna neadaireachta d'éin.

Tá bearta bainistíochta leanúnacha i bhfeidhm ag an bPáirc atá íogair don bhitheagsúlacht. I measc na mbeart sin tá bainistíocht féir atá íogair don fhiadhúlra, ligean do chrainn bás a fháil go nádúrtha laistigh de chriosanna caomhnaithe agus a laghad úsáide as ceimiceáin agus leasacháin agus is féidir.

Is é an cuspóir foriomlán luach bithéagsúlachta Pháirc an Fhionnuisce a dhaingniú agus a chothabháil anois agus san am atá le teacht, chun gnáthoga agus speicis thábhachtacha a chosaint, a stádas a fheabhsú, gnáthoga fiadhúlra luachmhara a athchruthú agus speicis chuí a thabhairt isteach chun luach bithéagsúlachta na páirce agus a gnáthóg a mhéadú.

Bunaithe ar Phlean um Bainistiú Caomhnaithe Pháirc an Fhionnuisce

Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce

Taispeántas bríomhar agus siamsúil faoi stair agus fiadhúlra Pháirc an Fhionnuisce.

Is féidir leis an gcuairteoir taitneamh a bhaint as léirmhíniú stairiúil ar an bpáirc ó 3,500 R.Ch. go dtí an lá atá inniu ann. Tá turais ar Áras an Uachtaráin, Dún na hArmlainne, Reilig Mhíleata Ghráinseach Ghormáin agus Caisleán Bhaile an Ásaigh ar fáil, chomh maith le siúlóidí agus cainteanna gach seachtain. Oscailte gach lá 9.30am – 6.00pm. Cead isteach deireanach ag 5.00pm.

Tuilleadh eolais ach gaoch ar

Teil: 01 677 0095 R-phost: phoenixparkvisitorcentre@opw.ie www.phoenixpark.ie



@thephoenixparkopw



@thephoenixpark



OPW

Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works



Uimhir Aicme	Aicme	Uimhir na dTaispeántán	Úsáid Oifigiúil Amháin
1	Dhá Theascóg		
2	Dhá Choimeádán de Chíor Ghearrtha		
3	Fráma Amháin		
4	Fráma Amháin de Mhil Fraoigh		
5	Dhá Phróca de Mhil Éadrom		
6	Dhá Phróca de Mhil Mheánach		
7	Dhá Phróca de Mhil Dhorchá		
8	Dhá Phróca de Mhil Smutáin		
9	Dhá Phróca de Mhil Ghráinnithe		
10	Dhá Phróca de Mhil Bhogthéachta		
11	Dhá Phróca de Mhil Fraoigh		
12	12 Phróca Lipéadaithe		
13	Cúig Bhloc de Chéir Bheach		
			Úsáid Oifigiúil Amháin
14	Ciste Meala – Simplí		
15	Ciste Meala – Torthaí		
16	Sé Bhriosca		
17	Buidéal amháin de Mheá Thirim		
18	Buidéal amháin de Mheá Mhillis		
19	Trí Choinneal Chéarach Beach Mhúnlaithe		
20	Trí Choinneal Chéarach Beach Nea-mh-mhúnlaithe		
21	Múnla Céarach amháin		
22	Grianghraf amháin		
23	Aicme Taispeántais		
24	Tosaitheoir		
25	Póstaer A4, daltaí bunscoile		
26	Póstaer A4, scoláirí meánscoile		

DEARBHÚ

Léigh mé Rialacha agus Rialacháin an taispeántais thuasluaite agus aontaím cloí leo. Ar dhéanamh na n-iontrálacha seo dom, dearbhaím gur táirgí bona fide de mo chuid féin iad na samplaí thuasluaite. **(CEANNLITREACHA AMHÁIN)**

Ainm

Seoladh

Teil

Ríomhphost

NÍLAON TÁILLE IONTRÁLA ANN

Iontrálacha le cur faoi bhráid Rúnaí Fhéile Bhitheagsúlachta agus Sheó Meala Pháirc an Fhionnuisce, Oifig na nOibreacha Poiblí, Na Goirt Bhána, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath, D08 KDC4. **R-PHOS:** honeyshowsecretary@opw.ie
TEIL: 01 677 0095